Splanc
Léitheoireachta

Intreoir

Is clár idirghníomhach é Splanc Léitheoireachta a thugann deis do dhaltaí Gaelscoile an léitheoireacht s'acu a chleachtadh, quizeanna a dhéanamh agus spriocanna léitheoireachta a bhaint amach. Tá na téacsanna uilig scríofa i nGaeilge Uladh agus tá siad céimithe de réir deacrachta. Tá ceithre chéim ag baint leis an chlár, is iad:

1. Splanc-ainm a roghnú;
2. Teist Gaeilge a dhéanamh;
3. Téacsanna a léamh; agus
4. Quizeanna a dhéanamh.

Splanc-ainm

Iarrtar ar an mhúinteoir splanc-ainm a chumadh do gach dalta a bheidh ag glacadh páirte sa chlár. Ní mór don Splanc-ainm ainm, rang agus scoil an dalta a léiriú. Iarrtar gan sloinnte a chuimsiú sna Splanc-ainmneacha.

Samplaí:

LiamR4-GUíN

nó

NóraNíR4-GUíN

Na Teisteanna Gaeilge

I ndiaidh do na daltaí Splanc-ainm a roghnú, iarrtar orthu quiz a dhéanamh leis an leibhéal léitheoireachta s'acu a aimsiú. Gabh chuig splanc.eu/splanc-leitheoireachta-baile/ agus gabh chuig *Teisteanna Gaeilge agus Treoir an Mhúinteora*.

Tá ceithre theist ar fáil i Splanc Léitheoireachta:



Go príomha, tá na teisteanna bunaithe ar na ranganna a leanas:

- Teist Gaeilge 1 Rang 4
- Teist Gaeilge 2 Rang 5
- Teist Gaeilge 3 Rang 6
- Teist Gaeilge 4 Rang 7

ach thig le dalta ar bith i rang ar bith teist ar bith a dhéanamh, i.e. thig le dalta i Rang 5 Teist Gaeilge 1 a dhéanamh nó thig le dalta i Rang 4 Teist Gaeilge 2 a dhéanamh, thig le daltaí i Rang 7 Teist Gaeilge 1 a dhéanamh go fiú. Tá 40 ceist i ngach teist.

I ndiaidh cúpla lá, cuirfear ríomhphost le torthaí na ndaltaí chuig an mhúinteoir i gcomhair le leibhéal léitheoireachta molta agus sprioc don téarma. Beidh leathán ann do gach dalta a rinne teist.

Sampla:

Splanc Léitheoireachta

Splanc-ainm: LiamR4-GUíN

Dáta: 14/09/21

Teist	Scór	Meánscór	Leibhéal Léitheoireachta	Sprioc Léitheoireachta
Teist Ghaeilge 1	16	22	1.3 – 2.3	200

Na Téacsanna

Tá na daltaí réidh anois leis na téacsanna a léamh agus quizeanna a dhéanamh. Arís eile, gabh chuig splanc.eu/splanc-leitheoireachta-baile/, gabh chuig an leibhéal ceart léitheoireachta agus roghnaigh scéal, mar shampla:



Cliceáil ar an teideal agus osclóidh an sliocht.



Lá galánta a bhí ann agus bhí madadh ag súgradh le liathróid ar an trá. Bhí an madadh sona sásta ag súgradh, ag rith suas agus síos an trá sa tóir ar an liathróid.

Bhí rón ag snámh san uisce agus chonaic sé an madadh ar an trá. Stop an rón le hamharc agus chonaic sé an liathróid.

“Óóóo, is maith liom an liathróid sin,” arsa an rón leis féin. “Ba mhaith liom súgradh leis an liathróid sin. Is maith liom liathróid a chur ar mo shrón agus léim isteach agus amach as an uisce.”

D’fhan an rón san uisce ag amharc ar an liathróid agus an madadh ag súgradh leis.

srl….

I ndiaidh don dalta an scéal a léamh (molaimid go léann sí/sé é faoi dhó), cliceáil ar an chnaipe leis an quiz a dhéanamh.

Stop an madadh agus an rón agus d’amharc siad ar an liathróid phollta go brónach.

Déan an quiz.

Osclóidh quiz bunaithe ar an scéal:



srl….

Cliceáil ar Submit nuair atá an quiz déanta agus cuirfear in iúl cá mhéad focal a bhí sa sliocht. Tig amharc siar ar na freagraí chomh maith. (Tá brón orainn faoi na píosaí beaga Béarla anseo is ansiúd.)



Tuairisciú

Gheobhaidh na daltaí an scór s'acu sa quiz i gcomhair leis an líon focal a bhí sa sliocht caol díreach, ach beidh orthu fanacht tamall beag sula dtagann tuairisc ar léitheoireacht na seachtaine tríd. Cuirfear tuairisc ar léitheoireacht na ndaltaí amach ar bhonn seachtainiúil chuig an mhúinteoir.

Sampla:

Splanc Léitheoireachta

Splanc-ainm: LiamR4-GUíN

Leibhéal Léitheoireachta: 1.3 – 2.3

Sprioc: 200 pointí léitheoireachta

Téarma: 1

Téacs	LL	PL	Líon Focal
An Madadh agus an Rón	1.3	5/5	295
Tá Snag ar Nóra	1.5	6/6	190
An Trunc Mór Trom	1.6	7/8	170
Teidí Bocht	1.7	6/8	183
Portán ar an Trá	1.7	8/8	299
	Iomlán	**32**	**1137**

Thig leis na daltaí taifead reatha a choinneáil dá léitheoireacht féin chomh maith, tig an leathán ag deireadh an leabhráin seo a chóipeáil agus a úsáid, nó thig leis na daltaí a gceann féin a dhearadh. Tabhair faoi deara, áfach, go gcaithfidh dalta níos mó ná 60% a fháil ceart i quiz le pointí léitheoireachta a shaothrú agus le cur leis an líon focal atá léite acu.

Ceisteanna Coitianta

An bhfuil cead ag na páistí scéalta a léamh atá níos ísle nó níos airde ná an leibhéal léitheoireachta s'acu?
Tá. Cé go mbeidh muid ag cur scéalta nua suas go rialta, níor mhaith linn léitheoireacht na ndaltaí a theorannú. Ní ach moladh atá sa leibhéal a shíolraíonn ón Teist Gaeilge, leis an mhúinteoir agus an dalta féin a threorú. Thig leis na daltaí tairbhe a bhaint as téacsanna faoi bhun a leibhéal léitheoireachta a léamh, leathnú foclóra nó daingniú struchtúr gramadaí mar shampla, ach bí cúramach leis na téacsanna níos airde mar seans go laghdóidh sé muinín an dalta má tá na téacsanna róchasta.

Cad é mar a oibrítear leibhéal léitheoireachta na dtéacsanna amach?
Baintear úsáid as algartam ar dheacracht fhocail le leibhéal a fháil do na téacsanna. Úsáideann an t-algartam Focail Ardmhinicíochta CCEA i gcomhair le clár Fónaic Theangeolaíochta, i gcomhair le fad an téacs, le leibhéal a oibriú amach don sliocht.

An dtig leis na daltaí quizeanna a dhéanamh sa bhaile?
Fút féin atá sé, ach gan ach méid áirithe téacsanna ar an suíomh (cé go gcuirfear cuid nua suas go rialta), tá an chontúirt ann go rithfidh na daltaí amach as ábhar léitheoireachta go luath.

An dtig leis na daltaí quiz a dhéanamh níos mó ná uair amháin?
Thig, ach ní chuirfear san áireamh ach an chéad scór a fhaigheann sí/sé os cionn 60%.

An dtig liom quizeanna a fháil do théacsanna eile, gnáthleabhar mar shampla?
Thig, níl le déanamh ach teideal an leabhair a sheoladh chuig info@splanc.eu agus oibreoidh muid leibhéal léitheoireachta amach dó agus cuirfidh muid nasc suas ar an suíomh chomh luath géar agus a thig linn. Cuirfear torthaí an quiz sin san áireamh i dtuairiscí na ndaltaí.



Seol ceisteanna eile chuig info@splanc.eu

Splanc Léitheoireachta

Splanc-ainm: _____

Leibhéal Léitheoireachta: _____

Sprioc: _____ pointí léitheoireachta

Téarma: _____

Téacs	LL	PL	Líon Focal
	Iomlán		